**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000001/2019**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**John Flack, Fabio Massimo Castaldo, Arne Gericke, Fredrick Federley, Ivo Vajgl, Karin Kadenbach, Pirkko Ruohonen-Lerner, Julie Ward, Marco Zullo, Eleonora Evi, Michèle Rivasi, Stelios Kouloglou, Sven Giegold, Bart Staes, Keith Taylor, Michela Giuffrida, Paul Brannen, Pavel Poc, David Martin, Stefan Eck, Sirpa Pietikäinen, Jacqueline Foster, Tilly Metz, Davor Škrlec, Georgi Pirinski, Tonino Picula, Jiří Pospíšil, Tunne Kelam, Zdzisław Krasnodębski, Kosma Złotowski, Isabella De Monte, Anja Hazekamp, Kostas Chrysogonos, Klaus Buchner, Pascal Durand, Younous Omarjee, Jill Evans, Guillaume Balas, Dominique Bilde**

Ábhar: Rialacha leasa ainmhithe san earnáil dobharshaothraithe

I mí na Samhna, d’fhoilsigh an Coimisiún staidéar agus tuarascáil ar leas éisc le linn d’eisc bheo a bheith á n-iompar, agus díríodh aird iontu ar na heasnaimh sa chleachtas reatha agus ar na neamhréireachtaí idir na bearta éagsula a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta.

Ina dhiaidh sin féin, d’ainneoin gur bhain sé an tátal as go bhfuil caighdeáin ag dul i léig ar fud na hEorpa, agus d’ainneoin iarrataí ón bParlaimint agus ón gComhairle go ndéanfaí níos mó beart, níl aon togra le haghaidh feabhais déanta ag an gCoimisiún.

Thairis sin, tá sé curtha i bhfios go láidir ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia gur neacha mothaitheacha iad éisc, agus is minic leas éisc á lua ag Cónaidhm Eorpach na dTáirgeoirí Dobharshaothraithe ina cód iompair. Níos mó ná riamh, tuigtear a thábhachtaí is atá leas éisc chun sláinte ainmhithe, táirgiúlacht feirmeacha, agus dearcthaí tomhaltóirí a bhainistiú.

Cén t-údar atá ag an gCoimisiún le neamhaird a dhéanamh de theachtaireachtaí ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón lucht tionscail maidir le laigí i réimse an leasa éisc?

Ós rud é go bhfuil samplaí de rialacha éifeachtacha ar leibhéal na mBallstát maidir le stiúdadh roimh mharú, nach bhfuil caighdeáin iompair á gcomhlíonadh ar an ábhar nach ndéantar pleanáil theagmhasach i roinnt cásanna, agus ar an ábhar sin amháin, go bhfuil tithíocht leordhóthanach ina réamhriachtanas chun éisc fholláine a thógáil, agus go n-aithníonn na páirtithe uile an luach a ghabhann le hoiliúint fheabhsaithe, an dtabharfaidh an Coimisiún gealltanas go ndéanfaidh sé ceanglais reachtacha a bhaineann le leas ainmhithe a thabhairt isteach san earnáil dobharshaothraithe chun a áirithiú go ndéanfar an dea-chleachtas a chomhchuibhiú ar fud an Aontais Eorpaigh?

Curtha síos: 7.1.2019
Curtha ar aghaidh: 9.1.2019
Spriocam le haghaidh freagra: 16.1.2019